NDA
Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

# Someone Like Me
ART COMPETITION

**A Phríomhoide/ Mhúinteoir, a chara,**

Cúis áthais don Údarás Náisiúnta Míchumais a chomórtas ealaíne “Someone Like Me” a thabhairt leat agus iarrtar ar do bhunscoil  páirt a ghlacadh ann

Tá an comórtas iontach seo, atá á reáchtáil le 9 mbliana anuas, oscailte do gach rang. Tá sé mar aidhm aige feasacht ar mhíchumais a ardú i measc daltaí bunscoile agus tuiscint níos fearr a thabhairt dóibh ar an méid a thugann leanaí le chéile ina gcumas éagsúil. Cuirfimid na hacmhainní atá uait ar fáil do pháistí chun foghlaim faoi mhíchumas agus cuimsiú, agus iad ag fáil na deise freisin duaiseanna iontacha a bhauint - do na daltaí, an scoil agus tú féin! Tá naisc churaclaim ag na hacmhainní go léir chuig: OSPS, Amharcealaíona, Litearthacht, Drámaíocht, Stair

## Cad is féidir linn a fhoghlaim?

Tugann an comórtas seo fóram iontach do do dhaltaí chun ábhar an mhíchumais a phlé agus díríonn sé ar:

- *Cuimsitheacht agus éagsúlacht a chur chun cinn*
- *Feasacht a fhorbairt i measc leanaí ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir cumais daoine*
- *Deis a sholáthar le comhbhá a fhorbairt trí mhíchumais dhofheicthe agus míchumais intleachta a fhiosrú*

## Is rífhurasta iontráil a dhéanamh!

1. **Déan an plean ceachta seo:**

   Chun an t-ábhar tábhachtach seo a chur i láthair do na daltaí, tá pleananna ceachta agus bileoge gníomhaíochta do Shóisir (Naíonáin Shóisearacha - Rang 2) agus Sinsir (Rang 3 - 6) faoi iamh againn. Is féidir le daltaí iontráil a dhéanamh mar dhaoine aonair, mar rang, nó mar ghrúpa scoile iomlán. Tá acmhainní agus eolas breise ar fáil: **www.someonelikemecompetition.ie**.

2. **Cruthaigh do phíosa ealaíne féin:**

   Spreag na daltaí le píosa ealaíne a chruthú a thaispeánann an méid a d’fhoghlaim siad ar bhealach spraíúil cruthaitheach. Is féidir cruth de gach cineál, méid nó formáid a bheith ar na hiontrálacha! D’fhéadfadh ó péinteáil, colláis, papiermâché, dealbhóireacht nó físeán gearr de dhráma ranga  a bheith ann – tá an tsamhlaíocht mar chroí aige seo!

3. **Seol do chuid iontrálacha agus bileoga gníomhaíochta chugainn**

   Glacfaimid go sásta le grianghraif nó le hiontrálacha fisiceacha chuig na seoltaí atá leagtha amach thíos

## Cad atá le baint?

- Trí iarratas a chur isteach, d’fhéadfá **duaiseanna iontacha airgid a bhaint do do scoil luach os cionn €1,000!**
- Freastalóidh na buaiteoirí ar **shearmanas bronnta duaiseanna náisiúnta in Eanáir 2025**
- Bronnfar duaiseanna ar  buaiteoir amháin sóisearach agus buaiteoir amháin sa chatagóir sinsir i ngach contae, chomh maithle Buaiteoir Náisiúnta Sóisearach Iomlán amháin, agus Buaiteoir Sinsearach Náisiúnta Iomlán amháin.

Is é an spriocdháta lehaghaidh iontrálacha ná 15 Samhain, 2024: in am chun an gearrliosta afhógairt an 9 Nollaig

Táimid ag tnúth leis na píosaí ealaíne iontach achruthaíonn na daltaí a fheiceáil! Má tá aon cheist agat déan teagmháil lenárn-oifig tionscadail ar **(01) 5224815** nó **someonelikeme@realnation.ie**

**An raibh a fhios agat go roghnófar**

**BEIRT BHUAITEOIRÍ**

**in aghaidh an chontae?**

Le meas,

**An Fhoireann Tionscadail #SomeoneLikeMe**

A mhúinteoirí Rang a 6; sa chás go mbeadh spéis agaibh ceachtanna a mhúineadh do na daltaí faoi thábhacht agus faoi chumhacht an dearaidh uilíoch mar uirlis don athrú dearfach, féach: www.jai.ie nó déan teagmháil le **someonelikeme@realnation.ie** chun tuilleadh eolais a fháil.

@someonelikemeartcompetition  @someonelikeme_art

Real Nation | 94 Lower Baggot Street, Dublin 2, D02XNA2 | +353 (1) 522 4815 | someonelikeme@realnation.ie

Someone Like Me
ART COMPETITION

# Comórtas Ealaíne Someone Like Me 2024

## Foirm Iontrála (ceann amháin le haghaidh gach iontrála)

**Ainmneacha na nDaltaí:**

**Rang:**

**Ainm na Scoile:**

**Uimhir an Rolla:**

**Seoladh na Scoile:**

***Ríomhphost na Scoile:**

***Uimhir Ghutháin:**

**Ainm an Mhúinteora:**

**Ríomhphost an Mhúinteora:**

**Uimhir Ghutháin an Mhúinteora:**

* Ní dhéanfar teagmháil le scoileanna agus múinteoirí ach amháin maidir leis an gComórtas Ealaíne Someone Like Me

**Síniú an Mhúinteora**

Real Nation | 94 Lower Baggot Street, Dublin 2, D02XNA2 | +353 (1) 522 4815 | someonelikeme@realnation.ie